Ceud Epistil Phoil absdail chum na Timoteus
The First Epistle of Paul to Timothy

An Irish and English Parallel Bible

The Irish translation was accomplished by William O'Domhnuill in 1602, and has been copied from an 1817 edition of that translation. William O'Domhnuill (d.1628), known also as William O'Daniel, Archbishop of Tuam was a native of Kilkenny, Ireland. It was while at Trinity College that William took up the work of translating *The New Testament - Tiomna Nuadh* into Irish. This work was begun by Nicolas Walsh, Bishop of Ossory, who was murdered in 1585, and afterwards it was continued by John Kearney (who translated and published the first Irish [protestant] Catechism, printed in Dublin in 1571), and Nehemias Donellan, Archbishop of Tuam in 1595. This translation was dedicated to the newly ascended King James I, and published by O'Daniel in 1603.

The English translation used in this booklet is the King James Version (KJV) of the Holy Bible, commissioned by King James I of England in 1604. The translation work was completed by forty-seven learned Biblical scholars in 1611 and published that same year. It has had the most profound impact not only on English literature as a whole, world-wide, but also on Elglish-speaking peoples, world-wide! This same version is often referred to as the Authorised Version (AV). Despite its age, it is still very readable by the average reader today, and it remains one of the most widely-read literary works of all time.

Chapter

1 2 3

4 5 6

Ceud Epistil Phoil absdail chum na Timoteus
The First Epistle of Paul to Timothy

William O'Domhnuill New Testament of 1602; 1817 edition

The Authorized English Bible of 1611 1769 Edition

Caibidil 1

Teagasg miotharbhach do sheachna; 15 agus adhbhar theachd Críosd don tsáoghail, do sheanmórughadh.

Chapter 1

1 Pol, absdal Iósa Críosd do réir órduigh Dé ar Slánaightheóir, agus an Tíghearna Iósa Críosd, ar muinighin;

1 Paul, an apostle of Jesus Christ by the commandment of God our Saviour, and Lord Jesus Christ, *which is* our hope;

2 Chum Timotéus, *mo* mhac grádhach sa gcreideamh: Grása *maille riot*, trócaire, *agus* siothcháin ó Dhía ar Nathair agus o Iósa Críosd ar Dtíghearna.

2 Unto Timothy, *my* own son in the faith: Grace, mercy, *and* peace, from God our Father and Jesus Christ our Lord.

3 Amhuil do chuir mé dimpidhe ort, cómhnuidhe a Néphesus, ar ndul go Macedonia dhamh, ionnus go dtiúbhartha fógrá uáit do dhruing áirighe gan atharrach teaguisg do thabhairt úatha,

3 As I besought thee to abide still at Ephesus, when I went into Macedonia, that thou mightest charge some that they teach no other doctrine,

4 Ná aire do thabhairt do chumadóireachd sgéul ná do sheanchusuibh neimhchríochnuighthe, noch bhrosduigheas ceasdanna, ní sa mhó na follamnughadh díagha tre chreideamh:

4 Neither give heed to fables and endless genealogies, which minister questions, rather than godly edifying which is in faith: *so do*.

5 Oír a sé as críoch don náithne grádh ó chróidhe glan, agus *ó* choinnsías mhaith, agus *ó* chreideamh neamhfhallsa:

5 Now the end of the commandment is charity out of a pure heart, and *of* a good conscience, and *of* faith unfeigned:

6 Na neithe ó ndeachuidh dream áirighe ar seachran agus do fhilleadar chum díomháoinis cainte;

6 From which some having swerved have turned aside unto vain jangling;

7 Bá mían ríu bheith na ndoctúiribh an dlighe; agus fós ní thuigid créd a deirid féin, ná na neithe dheimhnighid síad.

7 Desiring to be teachers of the law; understanding neither what they say, nor whereof they affirm.

8 Gidheadh atá a fhios aguinne gur maith an dligheadh, dá leanuidh duine go dlisdeanach é;

8 But we know that the law *is* good, if a man use it lawfully;

9 Ar mbeith a fhios so aige, nach do dhuine cheart órduighthear an dligheadh, achd don druing aindlightheach easúmhal, do dháonibh neamhdhíagha agus do pheacthachuibh, do dháoínibh neamhnáomhtha agus neamhghlana, do luchd fionghuile do dhéunamh ar a naithreachuibh, agus a maithreachuibh, do luchd dúnmharbhtha,

9 Knowing this, that the law is not made for a righteous man, but for the lawless and disobedient, for the ungodly and for sinners, for unholy and profane, for murderers of fathers and murderers of mothers, for manslayers,

10 Do sdríopthachuibh, do *dháoinibh* míonádúrtha, do ghaduighibh dáoineadh, do *dháoinidh* bréugacha, do luchd anéithigh, agus má tá ní ar bith eile contrárdha do theagusg fhalláin;

10 For whoremongers, for them that defile themselves with mankind, for menstealers, for liars, for perjured persons, and if there be any other thing that is contrary to sound doctrine;

11 Do réir shoisgéil ghlórmhair Dé bheannuighthe, do fágbhadh táobh riumsa.

11 According to the glorious gospel of the blessed God, which was committed to my

12 Ar a nadhbharsin beirim buidheachas ris an tí do neartuigh mé, Iósa Críosd ar Dtíghearna, do bhrígh gur mheas sé mo bheith díleas, dom chur sa miniosdralachd;
13 Ar mbeith dhamh roimhe um *fhear labhartha* blaisphéimeadh, agus um gherleanadóir agus um *dhuine* eugcórách: achd do rinneadh trócaire oram, ar a nadhbhar gur tré ainbhfios do rinne mé *so* ar dhíth creidimh.
14 Achd do mhéuduigh grása ar Dtíghearna go ro líonmhar *ionnam* maille ré creideamh agus ré grádh a Niósa Críosd.
15 As fírinneach an rádh, agus as fíu é ar gach éunchor gabháil ris, go dtáinic Iósa Criosd ar an tsáoghal chum peacthach do shlánughadh; agá bhfuilimse um cheann orrtha.
16 Gidheadh as uime so do rinneadh trócaire oram, ionnus go dtaisbéunfadh Iósa Críosd ionnamsa ar tús a nuile fhoíghidh, chum go mbéinn um eisiompláir don druing chreidfeas annsan chum na beatha marrthannuigh.
17 Uime sin don Rí shíorruidhe, mharrthannach, dhofhaicsigh, don Día atá na áonar éagnuidhe, *go raibh* onóir agus glóir go sáoghal na sáoghal. Amén.
18 Fagbhuim a náithnese agad, a mhic Thimotéuis, do réir na bhfaidheadoireachda do rinneadh ort roimhe só, troid mhaith do dhéunamh dhuit thríotha;
19 Ar mbeith chreidimh, agus cogúis mhaith agad; noch ar na thréigean do dhruing áirighe do luingbhriseadar fan ccreideamh:
20 Agar ab díobh Himenéus agus Alecsandar; noch tug misi uáim do Shatán, ionnus ar mbeith dhóibh smachduithe go bhfoghlamaidís gan blaisphéime do labhairt.

trust.
12 And I thank Christ Jesus our Lord, who hath enabled me, for that he counted me faithful, putting me into the ministry;
13 Who was before a blasphemer, and a persecutor, and injurious: but I obtained mercy, because I did *it* ignorantly in unbelief.
14 And the grace of our Lord was exceeding abundant with faith and love which is in Christ Jesus.
15 This *is* a faithful saying, and worthy of all acceptation, that Christ Jesus came into the world to save sinners; of whom I am chief.
16 Howbeit for this cause I obtained mercy, that in me first Jesus Christ might shew forth all longsuffering, for a pattern to them which should hereafter believe on him to life everlasting.
17 Now unto the King eternal, immortal, invisible, the only wise God, *be* honour and glory for ever and ever. Amen.
18 This charge I commit unto thee, son Timothy, according to the prophecies which went before on thee, that thou by them mightest war a good warfare;
19 Holding faith, and a good conscience; which some having put away concerning faith have made shipwreck:
20 Of whom is Hymenaeus and Alexander; whom I have delivered unto Satan, that they may learn not to blaspheme.

Caibidil 2

Onoir dúachdaranuibh; 9 cúlaidh iomchubhuidh, 11 agus ciuinas na mban ó theagusg choitchionn do thabhairt úatha.

1 Uime sin teaguisgim, thair gach éinní, athchuinghe, guidhe, urnuighe, *agus* altughadh, ar son na huile dháoineadh;
2 Ar son na ríghtheadh, agus *ar son* na nuile agá bhfuil cúmhachda; chum ar mbeatha do chaitheamh go súaimhneach siothchánta dhúinn a nuile chráibhtheachd agus chneasdachd.
3 Oír *is* maith agus is geannamhuil so a bhfíadhnuise Dé ar Slánaightheóir;

Chapter 2

1 I exhort therefore, that, first of all, supplications, prayers, intercessions, *and* giving of thanks, be made for all men;
2 For kings, and *for* all that are in authority; that we may lead a quiet and peaceable life in all godliness and honesty.
3 For this *is* good and acceptable in the sight of God our Saviour;

4 Ré ar mían na huile dháoine sháoradh, agus íad theachd chum eólais na fírinne.
5 Oír is áoin Ndía *atá ann*, agus áon eidirmheadhontóir eidir Dhía agus dháoinibh, *eadhon* an duine Iósa Críosd;
6 Noch tug é féin na fhúasgladh ar son na nuile *dháoineadh*, mar fhiadhnuise a nám iomchubhaidh.
7 Chum ar hórduigheadh misi um sheanmóntuigh, agus um absdal, (lábhruim a nfírinne a Gcríosd, ní dhéunuim bréug; um fhear teaguisg na Gcineadhach, a gcreideamh agus a bhfírinne.
8 Uime sin as mían rium na fir do dhéunamh úrnuighe sa nuile áit, ag tógbháil súas a lámh náomhtha, gan fheirg gan amharus.
9 Agus na mná mar an gcéudna, do chur éuduigh iomchúbhaidh iompa, maille ré hadhnáire agus ré macántus; ní ré grúaig chasda, ná ré hór, ná ré péurlaighibh, ná ré cúluigheachuibh mórluáidh;
10 Achd (mar is cúbhaidh do mhnáibh gheallus crábhádh) ré deaghoibrighibh.
11 Déunadh an bhean fóghluim a gcíuinus maille ris a nuile úmhlachd.
12 Oír ní thuguim cead do mhnáoi teagusg do thabhaírt uáithe, ná ceannas do bheith aice ós cionn a nfir, achd bheith na tóchd.
13 Oír a sé Adhamh do crúthuigheadh ar tús, agus na dhiáigh sin Eúbha.
14 Agus ní hé Adhamh do mealladh, achd ar mbeith don mhnáoi ar na mealladh a sí bá ciontach ré briseadh na háithne.
15 Gidheadh slaineóchthar í ré breith cloinne, dá gcomhnuighid síad a gcreideamh agus a ngrádh agus a náomhthachd maille ré macántus.

4 Who will have all men to be saved, and to come unto the knowledge of the truth.
5 For *there is* one God, and one mediator between God and men, the man Christ Jesus;
6 Who gave himself a ransom for all, to be testified in due time.
7 Whereunto I am ordained a preacher, and an apostle, (I speak the truth in Christ, *and* lie not;) a teacher of the Gentiles in faith and verity.
8 I will therefore that men pray every where, lifting up holy hands, without wrath and doubting.
9 In like manner also, that women adorn themselves in modest apparel, with shamefacedness and sobriety; not with broided hair, or gold, or pearls, or costly array;
10 But (which becometh women professing godliness) with good works.
11 Let the woman learn in silence with all subjection.
12 But I suffer not a woman to teach, nor to usurp authority over the man, but to be in silence.
13 For Adam was first formed, then Eve.
14 And Adam was not deceived, but the woman being deceived was in the transgression.
15 Notwithstanding she shall be saved in childbearing, if they continue in faith and charity and holiness with sobriety.

Caibidil 3

Deagh choinghiolla mhinisdreadh na heagluise.

1 As rádh fírinneach so, Má atá fonn ar áoinneach oifig easbuig do ghlacadh, íarruidh sé obair mhaith.
2 Uime sin as cóir deasbóg a bheith neamhlochdach, na fhior éunmhná, na *dhuine* fhaireach, mheassarrdha, mhacánta dáonnachdach, réidh chum teaguisg;
3 Gan bheith rofhonnmhar a bhfíon, gan bheith buáilteach, gan dúil do bheith aige a neudáil neamhghloin; achd bheith ceannsaigh, neamhcheannairceach, neamhshanntach;
4 Agus na dhuine ríaghluigheas a thigh féin go

Chapter 3

1 This *is* a true saying, If a man desire the office of a bishop, he desireth a good work.
2 A bishop then must be blameless, the husband of one wife, vigilant, sober, of good behaviour, given to hospitality, apt to teach;
3 Not given to wine, no striker, not greedy of filthy lucre; but patient, not a brawler, not covetous;
4 One that ruleth well his own house, having

maith, agá mbí a chlann fá úmhlachd maille ris an uile thrómghachd;
5 (Oír munab eól do neach a thigh féin do riaghlughadh, cionnas bhías cúram eagluise Dé air?
6 Gan bheith dhó na noibhíseach, deagla ar mbeith dhó líonta dúabhar go duitfeadh sé a ndamnughadh an díabhail.
7 As cóir dhó fós deaghtheisd do bheith air ag an druing atá a muith; deagla go bhfuigheadh se sgannuil agus go dtuitfeadh sé a ndul an díabhail.
8 Mar an gcéudna *as cóir* do na deochánuibh *bheith* trómdha, gan a dteanguidh liom-leachd, gan bheith ro fhonnmhar a bhfíon, ná dúil do bheith aca a néudáil neamhghloin;
9 Ag congmháil sheicréide an chreidimh a gcoinnsías ghlan.
10 Agus déuntar íad so do dhearbhadh mar an gcéudna ar tús; ná dhíaigh sin déunuid miniosdrálachd, má *gheibhthear* neamhlochdach íad.
11 A mná már an gcéudna trómgha, neamhthatháoireach, súaimhneach, ionruic sna huile neithibh.
12 Bíodh na deocháin na bhfearuibh áon mhná, ag ríaghlughadh a gcloinne agus a dtightheadh féin go cúbhaidh.
13 Oir an dream do ní miniosdrálachd go maith gnodhnighid síad céim maith dhóibh féin, agus dánach mhór trés an gcreideamh atá a Niósa Críosd.
14 Sgríobhuim na neithese chugad, ar mbeith dhamh muinighneach re theachd go haithghearr a ttionnsuighe.
15 Achd ma ním muill ré theachd, chum a fheasa do bheith agad cionnas as cóir dhuit thú féin diomchar a dtigh Dé, eadhon eagluis Dé bhí, posda agus daingean na fírinne.
16 Agus gan amharus as mór seicréid na díaghachda: Do rinneadh Día follas sa ccoluinn, do foillsigheadh é na fhiréun san Sbioruid: do chonncas é ré hainglibh, do rinneadh a shéanmóir do na Cineadhachuibh, do chreideadh dhó sa tsáoghal, *agus* do gabhadh súas chum glóire é.

his children in subjection with all gravity;
5 (For if a man know not how to rule his own house, how shall he take care of the church of God?)
6 Not a novice, lest being lifted up with pride he fall into the condemnation of the devil.
7 Moreover he must have a good report of them which are without; lest he fall into reproach and the snare of the devil.
8 Likewise *must* the deacons *be* grave, not doubletongued, not given to much wine, not greedy of filthy lucre;
9 Holding the mystery of the faith in a pure conscience.
10 And let these also first be proved; then let them use the office of a deacon, being *found* blameless.
11 Even so *must their* wives *be* grave, not slanderers, sober, faithful in all things.
12 Let the deacons be the husbands of one wife, ruling their children and their own houses well.
13 For they that have used the office of a deacon well purchase to themselves a good degree, and great boldness in the faith which is in Christ Jesus.
14 These things write I unto thee, hoping to come unto thee shortly:
15 But if I tarry long, that thou mayest know how thou oughtest to behave thyself in the house of God, which is the church of the living God, the pillar and ground of the truth.
16 And without controversy great is the mystery of godliness: God was manifest in the flesh, justified in the Spirit, seen of angels, preached unto the Gentiles, believed on in the world, received up into glory.

Caibidil 4

Tairrgir attáobh fhúarchreideamh, agus chrabhudh choimhigheach na naimsire deighionnach.

1 Achd a deir an Sbiorad go follas, go dtréigfidh dream áirighe an creideamh sna haimsearuibh deigheanacha, ag tabhairt aire do sbioraduibh

Chapter 4

1 Now the Spirit speaketh expressly, that in the latter times some shall depart from the faith, giving heed to seducing spirits, and doctrines

seachranacha, agus do theagusguibh deamhan;
2 Tre chlúainereachd luchd labhartha na bréige; ar mbeith dá ccoinnsíasuibh ar na losgadh ré híarann dearg;
3 Noch thoirmisgeas pósadh, an bíadh do sheachna, noch do chrúthuigh Día chum a chaithmhe maille re haltughadh don druing chreideas agus agá bhfuil fios na fírinne.
4 Oír as maith gach ní do chrúthuigh Día, agus ní cóir éinní deiteach, achd go ngabhthar é máille ré breith bhuidheachuis:
5 Oír do níthear náomhtha é tré bhréithir Dé agus tré urnuighe.
6 Dá gcuiridh tú na neithesi a gcéill do na dearbhráithribh, biáidh tú ad mhinisdir mhaith Diósa Críosd, ar mbeith dhuit oilte a mbríathruibh an chreidimh agus an teagusg mhaith, dár lean tú.
7 Gidheadh seachain sgéula fábhuill neamhdhíagha caillchúla, agus cleachd thú féin chum díaghachda.
8 Oír as beag an tarbha a dtéid an cleachdadh corparrdha: achd is tarbhach an díaghachd chum na nuile neitheann, agá bhfuil gealladh na beatha atá a lathair, agus chum teachda.
9 *As* rádh fírinneach so agus atá sé iongabhála ris ar gach éunchor.
10 Oír as uime do nimíd sáothar agus imdheargthar sinn, do bhrígh go bhfuil ar muinighin a Ndía bhí, agár ab é as fear sáortha do na huile dháoinibh, go mórmhór do druing chreideas.
11 Fógair agus teaguisg na neithese.
12 Ná bíodh tarcuisne ag áoinneach ar hóige; achd bí mar eisiompláir don druing agá bhfuil creideamh, a mbréithir, a gcoinbhearsaid, a ngrádh, a sbioruid, a gcreideamh, *agus* a bhfíorghloine.
13 Go teachd damhsa tabhair, haire do léughthóireachd, do theagusg, *agus* dfoircheadal.
14 Ná léig faillidhe sa dtiodhlacadh atá ionnad, noch tugadh dhuit tré fáidheadóireachd maille ré leagadh lámh na sinnsear.
15 Smuáin ar na neithibhse; cómhnuigh ionnta; ionnus go mbíadh do theachd ar haghuidh follas do na huile *dháoinibh*.
16 Tabhair aire dhuit féin, agus do theagusg; comhnuigh ionnta: oír dá ndéuna tú sin sáorfuidh tu thú féin, agus an drong éisdeas riot.

of devils;
2 Speaking lies in hypocrisy; having their conscience seared with a hot iron;
3 Forbidding to marry, *and commanding* to abstain from meats, which God hath created to be received with thanksgiving of them which believe and know the truth.
4 For every creature of God *is* good, and nothing to be refused, if it be received with thanksgiving:
5 For it is sanctified by the word of God and prayer.
6 If thou put the brethren in remembrance of these things, thou shalt be a good minister of Jesus Christ, nourished up in the words of faith and of good doctrine, whereunto thou hast attained.
7 But refuse profane and old wives' fables, and exercise thyself *rather* unto godliness.
8 For bodily exercise profiteth little: but godliness is profitable unto all things, having promise of the life that now is, and of that which is to come.
9 This *is* a faithful saying and worthy of all acceptation.
10 For therefore we both labour and suffer reproach, because we trust in the living God, who is the Saviour of all men, specially of those that believe.
11 These things command and teach.
12 Let no man despise thy youth; but be thou an example of the believers, in word, in conversation, in charity, in spirit, in faith, in purity.
13 Till I come, give attendance to reading, to exhortation, to doctrine.
14 Neglect not the gift that is in thee, which was given thee by prophecy, with the laying on of the hands of the presbytery.
15 Meditate upon these things; give thyself wholly to them; that thy profiting may appear to all.
16 Take heed unto thyself, and unto the doctrine; continue in them: for in doing this thou shalt both save thyself, and them that hear thee.

Caibidil 5

Módh thabharta na nachmhasan: 3 onóir fós

Chapter 5

is cubhaidh do bháintreabhachaibh díadha,
17 agus do Shinnsearaibh na Heagluise.

1 Na himdhearg seanóir, achd teaguisg *é* mar athair; *agus* na hogánuigh mar dhearbhráithre;
2 Na mná áosda mar mháithre, agus na *mná* óga mar dheirbhsheathracha, maille ris a nuile fhíorghloine.
3 Tabhair onóir do bhaintreabhachuibh noch atá na mbaintreabhacha dhá ríribh.
4 Gidheadh má tá baintreabhach ar bith agá bhfuil clann no clann chloinne, déunuidís fóghluim ar tús ar íad féin thaisbéunadh go díagha ann a dtíghthibh féin, agus ar mhálairt do thábhairt dá dtuismightheóiribh: óir ís ní maith geanamhuil so a bhfíadhnuisi Dé.
5 Agus an bhean atá na baintreabhuigh dhá ríribh, agus ar na fagbháil na háonar, cuíridh sí a muinighin a Ndía, agus comhnuidhe sí do ló agus doidhche a nguidhe agus núrnuighibh.
6 Achd an bhaintreabhach do bheir í féin do mhacnus air mbeith dhí beó atá sí marbh.
7 Uime sin áithin na neithese dhíobh, ionnus go mbeidís neamhlochdach.
8 Agus má atá aonduine nách déun soláthar dá dháoinibh féin, agus go mórmhór do luchd a thíghe, do shéun sé an creideamh, agus is measa é ná neach gan chreideamh.
9 Toghthar baintreabhach nach bí ní sa lugha ná trí fichid blaidhan dáois, do bhí na mnáoi éinfhir,
10 Ar a raibh teisd mhaith as a deaghoibrighthibh; má rinne sí a clann doileamhuin, má ghlac sí dáoine air aoidheachd, má dionnuil sí cosa na náomh, má thug sí fóirighthin do luchd anshoigh, má lean sí do ghnáth gach déaghobair.
11 Achd diúltuigh na baintreabhachá óga: óir ar mbeith dhoíbh macnasach a naghuigh Chríosd, is mían ríu pósadh;
12 Agá bhfuil damnughadh na gcionn, do bhrígh gur thréigeadar an céud chreideamh.
13 Agus fós ar mbeith dhóibh díomháoin, *fóghlumuid* síad dul fá gcúairt ó thígh go tígh; agus ní hé amháin bheith díomháoin, achd bíodánach mar an gcéudna agus dá sáthadh féin sna neithibh nach beanann ríu, ag rádh neitheann nach bí ionnráidh.
14 Uime sin as toil leam na mná óga *fir* do phósadh, clann do bhreith, aire do thabhairt do ghnothuighibh an tíghe, *agus* gan cionfátha ar bith do thabhairt do náidhbherseóir ré labhairt go holc.
15 Oír do fhilleadar dream áirighe cheana ar a

1 Rebuke not an elder, but intreat *him* as a father; *and* the younger men as brethren;
2 The elder women as mothers; the younger as sisters, with all purity.
3 Honour widows that are widows indeed.
4 But if any widow have children or nephews, let them learn first to shew piety at home, and to requite their parents: for that is good and acceptable before God.
5 Now she that is a widow indeed, and desolate, trusteth in God, and continueth in supplications and prayers night and day.
6 But she that liveth in pleasure is dead while she liveth.
7 And these things give in charge, that they may be blameless.
8 But if any provide not for his own, and specially for those of his own house, he hath denied the faith, and is worse than an infidel.
9 Let not a widow be taken into the number under threescore years old, having been the wife of one man,
10 Well reported of for good works; if she have brought up children, if she have lodged strangers, if she have washed the saints' feet, if she have relieved the afflicted, if she have diligently followed every good work.
11 But the younger widows refuse: for when they have begun to wax wanton against Christ, they will marry;
12 Having damnation, because they have cast off their first faith.
13 And withal they learn *to be* idle, wandering about from house to house; and not only idle, but tattlers also and busybodies, speaking things which they ought not.
14 I will therefore that the younger women marry, bear children, guide the house, give none occasion to the adversary to speak reproachfully.
15 For some are already turned aside after

nais a ndiáigh Shatáin.
16 Má atá fear nó bean don druing chreideas agá bhfuilid baintreabhacha, tugaidís dhóibh fóirighin a *ríachdanuis*, agus ná bíodh a muirighin ar a neagluis; ionnus go mbíadh go lór aice ré thabhairt do na fíorbhaintreabhachuibh.
17 Na sinnsir ríaghluigheas go maith, bíodh meas orrtha gur fíu onóir dhúbalta íad, go mórmhór an luchd sháothruigheas sa mbréithir agus a dteagusg.
18 Oír a deir an sgriobtúir, Ná cuir ceangal ar bhéul an daimh bhrisios an tarbhar. Agus, *As* fíu an toibrighe lúach a sháothair.
19 Ná gabh casáoid a naghuidh sheanóra, gan fíadhnuisi deisi nó trír.
20 An dream pheacuidheas imdhearg íad a bhfíadhnuisi cháich uile, ionnus go ngéubhadh eagla an chuid eile mar an gcéudna.
21 Cuírim dúalach *ort* a bhfíadhnuisi Dé, agus an Tíghearna Iósa Criósd, agus na naingeal toghtha, na neithese choimhéud gan suim do bheith agad a neach seach ar oile, gan ní ar bith dhéunamh dhuit go cláon.
22 Ná cuir lámha go hobann ar áoinneach, agus ná bí pártach ré péacuighibh dháoineadh eile: connaimh thú féin glan.
23 Ná híbh uisge ní sa mhó, achd cleachd beagan fíona ar son do ghaile agus héugcruás minic.
24 Bíd peacuighe dháoineadh airighe follas roimh láimh, ag dul rompa chum breitheamhnuis; agus leanuid a peacuidh dream eile.
25 Mar an gcéudna fós bíd deaghoibre follas roimh láimh; agus na hoibreacha átá ar ghléus eile ní féidir a bhfolach.

Satan.
16 If any man or woman that believeth have widows, let them relieve them, and let not the church be charged; that it may relieve them that are widows indeed.

17 Let the elders that rule well be counted worthy of double honour, especially they who labour in the word and doctrine.

18 For the scripture saith, Thou shalt not muzzle the ox that treadeth out the corn. And, The labourer *is* worthy of his reward.
19 Against an elder receive not an accusation, but before two or three witnesses.
20 Them that sin rebuke before all, that others also may fear.

21 I charge *thee* before God, and the Lord Jesus Christ, and the elect angels, that thou observe these things without preferring one before another, doing nothing by partiality.

22 Lay hands suddenly on no man, neither be partaker of other men's sins: keep thyself pure.

23 Drink no longer water, but use a little wine for thy stomach's sake and thine often infirmities.
24 Some men's sins are open beforehand, going before to judgment; and some *men* they follow after.

25 Likewise also the good works *of some* are manifest beforehand; and they that are otherwise cannot be hid.

Caibidil 6

Luchd na teaguisg eattrom, 4 do sheachna, 6 achd éadail na diaghachd do gnothughadh.

1 Tugadh gach a bhfuil do shearbhfhoghantuighuibh faói chuing meas gur fíu a maighisdreagha a nuile onóir *dfaghail*, ionnus nach bhfuigheadh aimn Dé agus a theagusg sgannail.
2 Agus an dream agá bhfuilid maighisdreadha deaghchreidmheacha, ná bíodh tarcuisne aca *orrtha* do bhrígh gur dearbhráithre íad; achd go madh móide dhéanuid seirbhis, do bhrígh go bhfuilid síad deaghchreidmheach grádhach, agus pártach sa dtiodhlacadh. Múin agus teaguisg na neithese.

Chapter 6

1 Let as many servants as are under the yoke count their own masters worthy of all honour, that the name of God and *his* doctrine be not blasphemed.

2 And they that have believing masters, let them not despise *them*, because they are brethren; but rather do *them* service, because they are faithful and beloved, partakers of the benefit. These things teach and exhort.

3 Dá dtabhruidh áoinneach atharrach teaguisg úadha, agus nach dtabhair áonta do bhriathruibh falláin, bríathra ar Dtíghearna Iósa Críosd, agus don teagusg atá réir dhiaghachda;
4 Atá sé uáibhreach gun fios áoinneithe aige, achd é ar sáobh céille a dtimcheall cheasdann agus imreasan focal, tré na dtig miosguis, connsbóid, anchaint, droch bharamhla,
5 Diosbóireachd chíapálach dhaóineadh truáilligh na ninntinn, agus atá dealuighthe ris a nfírinne, agus shaóileas gur díaghachd a néudáil: dealuidh ré na samhuil sin do dhaóinibh.
6 Gidheadh is éudáil mór an díaghachd maille ré neach bheith sásdadh ré na staid féin.
7 Oír ní thugamar ní ar bith linn air a tsáoghal, is follas fós nach féidir linn éinní bhreith as.
8 Uime sin an feadh atá bíadh agus éudach aguinn ar fághail go madh lór linn é.
9 Achd an dream lér mían bheith saidhbhir tuitid síad a gcáthughadh agus a ndul, agus a niomad ainmhían éigcéillidhe díoghbhalacha, nach mhúchas daóine a sgríos agus a milleadh.
10 Oír a sé grádh a nairgid fréumh na nuile olc: noch ar mbeith do dhruing áirighe dhá shanntughadh, do chúadar ar seachrán ón gcreideamh, agus do tholladar íad féin thríothadh ré hiomad dóilghis.
11 Achd tusa, óglaóich Dé, seachuin na neithese; agus lean dfíréuntachd, do dhíaghachd, do chreideamh, do ghrádh, dfoighid, *agus* do cheannsachd.
12 Déun comhrac maith sa gcreideamh, beir greim ar an mbeatha mharrthannuigh, chum ar goireadh thú, agus ar a ndearnuídh tú admháil mnhaith a láthair mhoráin dfíaghnuibh.
13 Aithním dhíot bhfíadhnuisi Dé bhéodhuigheas na huile neithe, agus Iósa Críosd, noch do rinne fíadhnuisi *agus* admháil mhaith a láthair Phuinc Phíolaid:
14 Na haitheantasa do choimhéud gan cháidh, gan lochd, go teachd ar Dtíghearna Iósa Críosd:
15 Noch fhoillseochas na ám féin, an tí atá beannuighe eadhon an Coímhdhe cúmhachdach na áonar, Rí na ríghtheadh, agus Tíghearna na dtíghearnadh;
16 Agá bhfuil an neamhmarbhthachd na áonar, atá na chómhnuidhe sa tsóillse nách féidir dáonneach a rochduin; nách bhfácuidh duine ríamh, agus nach bhféudann fhaicsin: onóir agus cúmhachd síorruidhe dhó. Amen.
17 Fógair don druing atá sáibhbhir sa

3 If any man teach otherwise, and consent not to wholesome words, *even* the words of our Lord Jesus Christ, and to the doctrine which is according to godliness;
4 He is proud, knowing nothing, but doting about questions and strifes of words, whereof cometh envy, strife, railings, evil surmisings,
5 Perverse disputings of men of corrupt minds, and destitute of the truth, supposing that gain is godliness: from such withdraw thyself.
6 But godliness with contentment is great gain.
7 For we brought nothing into *this* world, *and it is* certain we can carry nothing out.
8 And having food and raiment let us be therewith content.
9 But they that will be rich fall into temptation and a snare, and *into* many foolish and hurtful lusts, which drown men in destruction and perdition.
10 For the love of money is the root of all evil: which while some coveted after, they have erred from the faith, and pierced themselves through with many sorrows.
11 But thou, O man of God, flee these things; and follow after righteousness, godliness, faith, love, patience, meekness.
12 Fight the good fight of faith, lay hold on eternal life, whereunto thou art also called, and hast professed a good profession before many witnesses.
13 I give thee charge in the sight of God, who quickeneth all things, and *before* Christ Jesus, who before Pontius Pilate witnessed a good confession;
14 That thou keep *this* commandment without spot, unrebukeable, until the appearing of our Lord Jesus Christ:
15 Which in his times he shall shew, *who is* the blessed and only Potentate, the King of kings, and Lord of lords;
16 Who only hath immortality, dwelling in the light which no man can approach unto; whom no man hath seen, nor can see: to whom *be* honour and power everlasting. Amen.
17 Charge them that are rich in this world, that

tsáoghalsa, gan bheith áirdinntinneach, ná a muinighin do chur a sáidhbhreas neamhbuáin, achd sa Día bheó do bheir dhúinne go sáidhbhir na huile neithe chum a ccaithmhe;

they be not highminded, nor trust in uncertain riches, but in the living God, who giveth us richly all things to enjoy;

18 Máith do dhéunamh, bheith sáidhbhir a ndéaghoibrighthibh, éusguidh fá na gcuid do thabhair úatha, agus do róinn maille ré cumann;

18 That they do good, that they be rich in good works, ready to distribute, willing to communicate;

19 Císde chur a dtaisge ar fhondaimeint mhaith dhóibh féin ré haghuidh na haimsire atá chum teachda, chum na béatha marrthannuigh do ghnódhughadh dhóibh.

19 Laying up in store for themselves a good foundation against the time to come, that they may lay hold on eternal life.

20 O a Thimotéuis, coimhéid an ní fágbhadh táobh riot, *agus* seachain cíapáil bhríathar neamhdhíagha gan éifeachd, agus conntrarrdhachd ealadhan nách bhfuil achd na haínm ealadhna:

20 O Timothy, keep that which is committed to thy trust, avoiding profane *and* vain babblings, and oppositions of science falsely so called:

21 Noch ar mbeith do dhruing áirighe dhá hadmháil do chúadar ar seachrán a dtimchioll an chreidimh. Grása maille riot. Amén.

21 Which some professing have erred concerning the faith. Grace *be* with thee. Amen.